# Grafaic

Nuachtlitir JCt4 – Fómhar 2022 – Eagrán 12

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí


Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

## Acmhainní Úsáideacha

Tá roinnt acmhainní idirghníomhacha cruthaithe ag an bhfoireann Ghrafaice don seomra Grafaice. Is féidir na hacmhainní seo a chur in eagar agus a chur in oiriúint bunaithe ar chomhthéacs do ranga féin. Cliceáil ar gach íomhá thíos chun tú a threorú chuig a rannóg ar shuíomh gréasáin SSM.

**Mo Thuras Geoiméadrachta**



**Acmhainn fhéinstiúrtha Onshape**

**Acmhainn sceitseála JCt4**



## Fáilte

Fáilte chuig an Nuachtlitir Ghrafaice JCt4 Fómhar 2022 agus tá súil againn ar fháil na nuachtlitreach seo go bhfuil tú féin agus do chúram go maith. Daoibhse ar léitheoirí nua dár nuachtlitir sibh, tá fáilte mhór romhaibh. Is féidir breathnú ar nuachtlitreacha roimhe seo anseo. San eagrán seo, tabharfaimid breac-chuntas ar roinnt nuashonruithe atá ann ó Nuachtlitir an tSamhraidh 2022

## Nuashonruithe Measúnaithe 2022/2023

### Measúnú Rangbhunaithe 2 (MRB 2)

An fearann do MRB 2: Is féidir scileanna cur i láthair grafacha a rochtain anseo. nó trí chliceáil ar an íomhá ar dheis.


MRB 2: Cliceál anseo don réimse 2022/2023

Tugann na 'Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe' treoir maidir le MRB 2 a chur i gcrích, lena n-áirítear faisnéis faoin trí lionsa agus faoi na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Tá roinnt acmhainní reatha cruthaithe ag foireann Grafaice SSM a dearadh chun cabhrú le múinteoirí nuair a bheas a gcuid scoláirí ag dul i gceann MRB 2. Is féidir teacht orthu sin trí chliceáil anseo nó ar an íomhá thíos.




### Coigeartuithe ar an Tionscadal agus ar an Scrúdú Deiridh do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí

D'eisigh an Roinn Oideachais 'Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2023'. Ar leathanach 89 den doiciméad sonraítear na coigeartuithe don Ghrafaic a aibhsítear san íomhá thíos. Is féidir an doiciméad a íoslódáil trí chliceáil anseo.



| LEIBHÉAL | SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE | COIGEARTUITHE 2023 |
|---|---|---|
| Comhleibhéal | **COMHPHÁIRT(EANNA)** | **OBAIR CHÚRSA** |
| | Cuireann an measúnú obair chúrsa marcáilte go seachtrach agus scrúdú scríofa san aireamh | Eiseofar an doiciméad a bhaineann le Tionscadal an Scoláire i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí go díreach i ndiaidh an spriocdháta le haghaidh MRB 2 a chríochnú. Ní gá '*Bileog 3 – Cur i Láthair Dearaidh Ríomhchuidithe (CAD)*' atá mar ghné de Thionscadal an Scoláire a chur chun críche agus a chur i láthair don tSraith Shóisearach in 2023. |
| | | **SCRÚDÚ SCRÍOFA** |
| | | Gan aon leasú. |

## An Chéad Pháipéar Scrúdaithe i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí

Rinneadh an chéad scrúdú scríofa de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) riamh i Grafaic na Sraithe Sóisearaí i rith an tSamhraidh. Is féidir an páipéar scrúdaithe a fháil ar shuíomh gréasáin CSS, trí chliceáil anseo nó ar an íomhá thíos.




## ETI(E)M sa tSraith Shóisearach 2021/2022





Reáchtáil ETI(E)M sa tSraith Shóisearach roinnt imeachtaí ar líne i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta. D'eascair na himeachtaí as comhpháirtíocht idir SSM agus aon cheann déag de phairtnéirí for-rochtana oideachais ar saineolaithe ina réimse iad. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na comhpháirtithe nó chun dul siar ar na hábhair a dearadh do na himeachtaí cliceáil anseo.

## Coinnigh i dteagmháil

Chun coinneáil suas chun dáta le Grafaic JCt4, téigh ar ár **liosta seoltaí** agus lean ár bhfotha Twitter **@JCt4ed**

**@JCt4ed**

# Pleanálaí digiteach Grafaic



Chun cabhrú le múinteoirí, d'fhorbair foireann JCt4 leagan Bhileoga Google den Uirlis Phleanála Dhigiteach. Tá an Uirlis Phleanála Dhigiteach don Ghrafaic ar fáil anois i leagan ineagarthóireachta Bileoga Google chomh maith le formáid ineagarthóireachta Microsoft Word agus Excel. Chun an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainn phleanála seo, moltar an bhileog faisnéise ghaolmhar a léamh sula dtosóidh tú ag plé le leagan Bhileoga Google den Phleanálaí Digiteach

# Deiseanna foghlama

Bímid i gcónaí ag faire amach d'acmhainní a d'fhéadfadh cabhrú le foghlaim a ghníomhachtú i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí. D'fhéadfadh tabhairt faoi na torthaí foghlama seo a leanas ach cuid de na hacmhainní thíos a úsáid.

**1.7** léirithe grafacha sonraí/faisnéise a léirmhíniú agus a chruthú
**2.1** ionramháil earraí 3T a amharcléiriú
**3.1** saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta a aithint



Forbairt lógó idirlín




An t-iomrall súl nach féidir ach le daoine áirithe a fheiceáil



Céimseata sa domhan thart orainn

# Ag dréim le 2022-2023

Cuirimid fáilte roimh bhaill nua chuig foireann JCt4 agus guímid ádh mór ar iarbhaill foirne a bhog ar aghaidh chuig róil nua. Táimid ag súil go mór le tacaíocht a thabhairt daoibh sna míonna amach romhainn. Tá ábhair FGL á bhforbairt faoi láthair ag foireann Ghrafaice JCt4 do 2022/2023. Ar ár sceideal FGL, gheofar FGL lárnach agus roghnach agus mar sin coinnigh súil amach le haghaidh comhfhreagrais ón bhfoireann. Mholfaimis do gach múinteoir Grafaice clárú lenár liosta seoltaí agus coinneáil suas chun dáta le gach imeacht. Má tá aon duine de do chomhghleacaithe nach bhfuil cláraithe ar an liosta seoltaí seo, mholfaimis dóibh é sin a dhéanamh. Fan i dteagmháil le foireann Ghrafaic JCt4.



Barry Nolan



Tanya Powell



Ruairí Farrell



John Kilgannon

**Le dea-mhéin,**

**Foireann Ghrafaice JCt4**

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers